

DUBHDARACH Ó DOMHNAILL.

(Dubhdarach Sheáin Thaidhg).

Bhí sé i Muighros. Tá mac a mhic i gcomhnaidhe ann. Filidhe a bhí ann. Bhí fear ann Eoghan Ban Mhac Giobúin agus ní raibh sé i ndon slacht a chur ar rud ar bith. Dá leagadh sé bearna do bheithidheach ní raibh sé i ndon a thógáil arís. Rinne Dubhdarach Ó Domhnaill amharán faoi a moladh a stuaime agus gan stuaime ar bith ann.

Sé Eoghan Bán Mhac Giobúin a d'ímtigh a' súl uainn
'S measaim gur iondanhail gan a theacht ann nios mó
An mhuinntir seo a dhul go Gaillimh níor éirigh leob tuairisg
Mar sé a chuirfheadh ruaig ar go leor den droch-dhream
Ghabh sé go Luimneach ag cuidiú le Sairseál
Nuair a loitigheadh a gharda sheas sé a chriú
Go raibh fré oscar amuigh ag Giumhais Trágha
In- achrann naoi lá agus bliain gan aon sgith
Ba tig liom aithris duit tuille dá tréathra
Dhéanadh sé an céachta is an cliabh mór fíon
Bhí déanamh na spealtacha is na nabhernis géara
Ráipéir gan bhréig agus rásúr béal mín
Iarann na longhe go dtige na signplates
Sioseal gan bhréig agus glomairí lín
Bior agus briogún gléas róstaidh ar éanlaith
Agus fear é a raibh ann éirim ceanuis agus gníomh
Deanfaidh sé an jockreel an watch is an compás
An chart le bheith ar eolas don chaipín a theacht siar
Na blocanna a stropáil, ar na hancarirí a thógáil
Cófhadairle chomhairfeadh nios comhairfeadh don ghrian
Ag déanamh na gcaranna ag deasú na gcóisdí
'S jaunting car a ghabhfhadh da uair go Baile Áit Cliath
Gléas gabhtha ar sgadáin ar bhradáin is a mhór bhric
Cochailt is trólanna a marbhóchadh gach iasg
Deanfadh sé an ciseán an ciseog an lód dúinn
Agus deanfad sé an chomhra is an drisiúr mas fíor
Deanamh na gcounters is na bpreasanna ar foghnamh
An ciléar a dfhóifeadh an lorath ia an mhais
Dhéanfadh sé an cóta rubber as an gúna

'S dhéanfadh sé an cóta a mhairfeadh céad bliain
Bhí dheanamh an chup ann a'r laradh na bróige
Agus chuile shórt stuaime dhá raibh ag fear ariamh
Ba gabha a dhéanfadh inneoin é láidhe agus sluasad
Casúr a's an ord mór agus rivet sé an cam
An tancaire, an stocún, gudgeon a's gúisneach
Miosúir agus munlaí meannaidhe agus salm.

Gúisneach gúisnic = gléas ag bun an chrainn leis an loom a choinneál

Stocún = larann treasna ar an ancaire.

Guidsiún = Rud mar chuirfeá staple i ndoras.